Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7161/25**

**COH 19**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Beartas comhtháthaithe níos dinimiciúla agus níos straitéisí: athruithe a chur i gcrích san am i láthair agus amach anseo<br>- *Seisiún tuairimíochta* |

Ag an gcruinniú den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta atá tiomnaithe don bheartas comhtháthaithe an 28 Márta, ar bhonn an pháipéir ón Uachtaránacht a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, iarrtar ar na hairí sin atá i gceannas ar an mbeartas comhtháthaithe plé a dhéanamh ar an topaic 'Beartas comhtháthaithe níos dinimiciúla agus níos straitéisí: athruithe a chur i gcrích san am i láthair agus amach anseo'.

## Páipéar cúlra

### don Chomhairle Gnóthaí Ginearálta atá tiomnaithe don bheartas comhtháthaithe

### ‘Beartas comhtháthaithe níos dinimiciúla agus níos straitéisí: athruithe a chur i gcrích san am i láthair agus amach anseo’

Le cúpla mí anuas, tá an díospóireacht maidir leis an gcruth a d’fhéadfadh a bheith ar an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile agus ar an mBeartas Comhtháthaithe laistigh de tar éis éirí níos déine ná riamh. Is iad na páirtithe leasmhara ábhartha uile a dhéanann ionadaíocht thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh, na mBallstát, na réigiún agus na n-údarás áitiúil, institiúidí eile de chuid an Aontais, chomh maith le heagraíochtaí acadúla agus neamhrialtasacha, a mhúnlaigh an plé[1]. Léirítear sna príomhchonclúidí ó na díospóireachtaí go dtí seo nach rogha é an cur chuige ‘gnó mar is gnách’ sa chéad CAI eile. Mar sin féin, maidir le réitigh níos mionsonraithe, tá cineálacha éagsúla cur chuige féideartha ann, rud a éilíonn plé a dhéanamh ar réitigh phraiticiúla agus teacht ar chomhthoil maidir leo.

[1] Go háirithe: Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBeartas Comhtháthaithe, Dearbhú Comhpháirteach ó na hAirí atá Freagrach as an mBeartas Comhtháthaithe arna shíniú ag 11 Bhallstát (BG, CZ, EE, HR, HU, LT, LV, RO, SK, SI, PL) a glacadh i mí na Bealtaine 2024 i bPrág; Tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil maidir le Todhchaí an Bheartais Chomhtháthaithe; an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú agus Conclúidí ón gComhairle a glacadh i mí an Mheithimh 2024; Tuarascáil ó E Letta: *Much more than a market* [Margadh thar an gcoitiantacht]; Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí an bheartais chomhtháthaithe.

Mhol an Coimisiún Eorpach sraith de phríomhchuspóirí agus de thosaíochtaí de chuid an Aontais do na blianta atá le teacht[2]. **Áirítear ar na tosaíochtaí agus na cuspóirí sin an gá atá le gníomhaíocht mhisniúil a dhéanamh chun rathúnas inbhuanaithe, iomaíochas, daonlathas, slándáil, cosaint agus athléimneacht a chinntiú agus luachanna an Aontais á gcosaint ag an am céanna.** Léiríodh **an t-iomaíochas** mar cheann de phríomhspriocanna an Aontais, agus cuireadh i bhfios go láidir go **dtabharfar tosaíocht agus áit lárnach dó i sainordú an Choimisiúin Eorpaigh**. Ceann de bhunchlocha iomaíochas na hEorpa is ea muintir na hEorpa agus, dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach **scileanna agus poist ardcháilíochta** a chur chun cinn. Ina theannta sin, i gcomhthéacs na staide geopholaitiúla atá ag teacht chun cinn, tá tábhacht níos mó ag baint le **cosaint na hEorpa** freisin, mar a dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach le déanaí[3]. Léirigh an Coimisiún gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun ualaí riaracháin a shimpliú agus a laghdú, luas agus solúbthacht chur chun feidhme beartas a chur chun cinn agus beartais a chomhordú ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Tá creat rialála an Aontais le hathbhreithniú agus le hoiriúnú chun freastal níos fearr ar riachtanais na saoránach agus na ngnólachtaí, agus chun cistí an Aontais a chur chun feidhme ar bhealach tráthúil éifeachtach.

---

[2] An Coimisiún Eorpach, 2025, *Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach*, COM(2025) 30 final; *Clár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2025 - Dul ar aghaidh le chéile: Aontas níos dána, níos simplí agus níos tapúla*, COM(2025) 45 final; Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Gníomhaíocht nua don Gheilleagar Ciorclach, *Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme agus simpliú*, COM(2025) 47 final; Litir ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Ursula von der Leyen, an 4 Márta 2025 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_25_684, *Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Aontas na Scileanna, COM(2025) 90 final.*

[3] Conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir le cosaint na hEorpa, an 6 Márta 2025.

Léirítear sa Teachtaireacht maidir leis an mbealach i dtreo an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile, a foilsíodh i mí Feabhra 2025[4], gur cheart aghaidh a thabhairt le buiséad an Aontais ar dhúshláin choiteanna ar dtús i gcás ina soláthraítear an breisluach is airde le caiteachas ar an leibhéal Eorpach. Cuireadh i bhfios go soiléir sa Teachtaireacht '***[nach] mór tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach i gcomhar le chéile – in éineacht leis na Ballstáit agus lena réigiúin** a mhúnlaíonn roinnt mhaith d'infheistíochtaí an Aontais ar an láthair, agus le buiséad an Aontais lena dtugtar tacaíocht agus dreasacht dá ngníomhaíocht'*. Leagtar béim ar chur chuige feidhmíochtbhunaithe a chur chun feidhme ar bhealach níos láidre mar réiteach chun éifeachtúlacht agus luas an chur chun feidhme a mhéadú.

Sa doiciméad céanna, molann an Coimisiún Eorpach freisin cur chuige nua maidir le buiséad nuachóirithe an Aontais agus ba cheart go ndíreofaí ann, *inter alia*, ar '**plean do gach tír agus athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha ann agus aird á díriú ar ár dtosaíochtaí comhpháirteacha, lena n-áirítear comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn'**. Chuir an Coimisiún in iúl '*[nach] mór beartas neartaithe comhtháthaithe agus fáis, a mbeidh na réigiúin ina chroílár, a cheapadh agus a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla*', ach gur gá míniú breise a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí é sin a dhéanamh sa chleachtas.

De réir an Choimisiúin, d'fhéadfadh an moladh maidir le plean den chineál sin deiseanna a thabhairt chun feabhas a chur ar an gcomhordú idir beartais an Aontais agus beartais náisiúnta, chun sineirge eatarthu a áirithiú agus chun athrú struchtúrach a chothú (sna Ballstáit agus sna réigiúin), ar choinníoll go bhfuil sé nasctha le haontú agus simpliú na rialacha cur chun feidhme. Mar sin féin, tá easpa soiléireachta ann faoin moladh maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áireamh sna pleananna tíre, go háirithe i gcomhthéacs na gceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme athchóirithe faoi na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, agus na ndúshlán a bhaineann le ról leordhóthanach a shainiú do na réigiúin sa tsamhail sin. Ina theannta sin, tá an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gcur chuige nua sin ar éagothromaíochtaí réigiúnacha laistigh de thír agus ar ról na n-údarás réigiúnach agus áitiúil doiléir freisin agus d'fhéadfadh sé a bheith ina ábhar imní maidir le réiteach a oireann do chách a fhorfheidhmiú. Dá bhrí sin, is gá machnamh a dhéanamh, agus plé a dhéanamh i measc na mBallstát, maidir leis an gcaoi ar cheart an Beartas Comhtháthaithe a chur chun feidhme sa pheirspictíocht airgeadais tar éis 2027, go háirithe agus na tograí ón gCoimisiún maidir le tosaíochtaí an Aontais, an modh seachadta, agus seasamh an Bheartais Chomhtháthaithe sna tograí sin á gcur san áireamh.

---

**4** *Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An Bóthar i dTreo an Chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil Eile*, COM(2025) 46 final.

I bhfianaise ghéarú an mhachnaimh atá á dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí na gníomhaíochtaí agus na beartais a ailíniú le tosaíochtaí nua an Aontais a mhol an Coimisiún, **dealraíonn sé gurb iomchuí freisin an Beartas Comhtháthaithe atá sa CAI reatha cheana a nuachóiriú, le linn an athbhreithnithe mheántéarma leanúnaigh ar chláir an Bheartais Chomhtháthaithe**. Chun an Beartas Comhtháthaithe reatha a chur in oiriúint do na dúshláin chomhpháirteacha, bheadh gá le hiarrachtaí ó na páirtithe leasmhara ábhartha uile ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach chun cur chun feidhme agus seachadadh torthaí faoin mBeartas Comhtháthaithe a atreorú agus a luathú.

Sa chomhthéacs sin, chuir an Coimisiún in iúl go bhféadfadh **an t-athbhreithniú meántéarma leanúnach ar chláir an Bheartais Chomhtháthaithe** deis mhaith a thabhairt chun an Beartas Comhtháthaithe a ailíniú le riachtanais atá ag teacht chun cinn agus le tosaíochtaí an Aontais, go háirithe chun borradh a chur faoi iomaíochas, athléimneacht, slándáil a neartú agus nósanna imeachta a shimpliú san Aontas. Ag an am céanna, tá béim á leagan ar an ngá atá le dul chun cinn a dhéanamh maidir le príomhthionscnaimh de chuid an Aontais, mar shampla rochtain ar thithíocht inacmhainne inbhuanaithe nó cumais chosanta san Aontas a neartú[5]. D'fhéadfaí an t-athbhreithniú meántéarma leanúnach ar an mBeartas Comhtháthaithe a úsáid freisin mar dheis chun machnamh a dhéanamh ar acmhainní, féidearthachtaí agus dreasachtaí breise chun críoch cosanta[6], lena n-áirítear ní hamháin bonneagar dé-úsáide, ach chun críoch míleata lánfheidhme freisin. Dá bhrí sin**, is gá machnamh a dhéanamh ar conas cuspóir an chomhtháthaithe a shaothrú agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar chroí-dhúshláin mar shampla an t-iomaíochas, an athléimneacht, an tslándáil agus an chosaint a neartú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma**.

---

**5** Go háirithe: Óráid ón Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Raffaele Fitto ag an gComhdháil: 'Bealach na hEorpa maidir le Fás: Beartas Fáis le haghaidh Eoraip Shlán, Athléimneach agus Iomaíoch ar fud an Domhain', Óráid ón Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Raffaele Fitto maidir le todhchaí an Bheartais Chomhtháthaithe ag Coiste Pharlaimint na hEorpa um Fhorbairt Réigiúnach – REGI, an Coimisiún Eorpach, 2025, Litir ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Ursula von der Leyen, an 4 Márta 2025 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_25_684

**6** Conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir le cosaint na hEorpa, an 6 Márta 2025.

Is é is aidhm don phlé a rinneadh le linn chruinniú foirmiúil na nAirí atá freagrach as an mBeartas Comhtháthaithe féachaint ar na bealaí ina bhféadfaí feabhas a chur ar an mBeartas Comhtháthaithe. Níl aon amhras ach gur cheart go bhforbrófaí an Beartas Comhtháthaithe a bheidh ann amach anseo agus go mbeadh sé ailínithe níos dlúithe le tosaíochtaí comhpháirteacha an Aontais. Ag an am céanna, áfach, ní mór a phríomhchuspóir, i.e. comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach a bhaint amach, a chaomhnú agus a neartú a thuilleadh.

***

D'fhonn an díospóireacht a threorú ag cruinniú na Comhairle Gnóthaí Ginearálta i bhformáid chomhtháthaithe, iarrann Uachtaránacht na Polainne ar na hairí a dtuairimí a chomhroinnt maidir leis na ceisteanna thíos. Déileálfar leis na ceisteanna sin in aon seisiún comhchéime amháin. Níor chóir go mbeadh aon ionchur níos mó ná 4 nóiméad.

1. Conas ba cheart cuspóirí conartha an Bheartais Chomhtháthaithe a bhaint amach agus rialachas il-leibhéil a chur chun cinn in ollstruchtúr nua bheartais an Aontais tar éis 2027? Conas ba cheart é a chlársceidealú laistigh den phlean atá beartaithe do gach tír, lena n-áirítear athchóirithe agus infheistíochtaí ar an leibhéal náisiúnta agus fonáisiúnta?

2. Agus cur chuige an Choimisiúin agus conclúidí na Comhairle Eorpaí á gcur san áireamh, conas ba cheart an beartas comhtháthaithe a oiriúnú sa chomhthéacs airgeadais reatha chun freagairt go héifeachtach ar thosaíochtaí agus ar riachtanais atá ag teacht chun cinn?